**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**2024/0027(COD)**
**LEX 2445**

**PE-CONS 9/1/25**
**REV 1**

**AGRILEG 54**
**SEMENCES 9**
**CODEC 414**

# CINNEADH (AE) 2025/... Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR CINNEADH 2003/17/CE ÓN gCOMHAIRLE A MHÉID A BHAINEANN LE COIBHÉIS CIGIREACHTAÍ ALLAMUIGH A DHÉANTAR I bPOBLACHT NA MOLDÓIVE AR BHARRA TÁIRGTHE SÍL PLANDAÍ FARAE AGUS AR CHOIBHÉIS SÍL PLANDAÍ FARAE A THÁIRGTEAR I bPOBLACHT NA MOLDÓIVE, AGUS A MHÉID A BHAINEANN LE COIBHÉIS CIGIREACHTAÍ ALLAMUIGH A DHÉANTAR SAN ÚCRÁIN AR BHARRA TÁIRGTHE SÍL BIATAIS AGUS BARRA TÁIRGTHE SÍL PLANDAÍ OLA AGUS AR CHOIBHÉIS SÍL BIATAIS AGUS SÍL PLANDAÍ OLA A THÁIRGTEAR SAN ÚCRÁIN

**CINNEADH (AE) 2025/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 17 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i bPoblacht na Moldóive ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus ar choibhéis síl plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar san Úcráin ar bharra táirgthe síl biatais agus barra táirgthe síl plandaí ola agus ar choibhéis síl biatais agus síl plandaí ola a tháirgtear san Úcráin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

1 IO C, C/2024/3386, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3386/oj.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Bealtaine 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle[3] go bhfuil, faoi choinníollacha áirithe, cigireachtaí allamuigh a dhéantar ar bharra áirithe táirgthe síl sna tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin, le meas mar chigireachtaí atá coibhéiseach le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais, agus go bhfuil, faoi choinníollacha áirithe, síol speiceas áirithe a tháirgtear sna tíortha sin le meas mar shíol atá coibhéiseach le síol a tháirgtear i gcomhréir le dlí an Aontais.

(2) In 2022, chuir Poblacht na Moldóive iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le coibhéis a dheonú dá córas cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus do shíol plandaí farae a tháirgtear agus a dheimhnítear i bPoblacht na Moldóive.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar reachtaíocht ábhartha Phoblacht na Moldóive. Rinne sé iniúchadh in 2016 freisin ar an gcóras rialuithe oifigiúla agus ar dheimhniú síl gránach, síl glasraí agus síl plandaí ola agus plandaí snáithín i bPoblacht na Moldóive agus d'fhoilsigh sé na torthaí i dtuarascáil. Tar éis dó doiciméadacht bhreise a fháil ó Phoblacht na Moldóive, mheas an Coimisiún gur tugadh aghaidh ar bhealach sásúil ar na moltaí uile a rinneadh sa tuarascáil iniúchóireachta. Ar bhonn an iniúchta agus na doiciméadachta breise, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an deimhniú síl a chur chun feidhme i bPoblacht na Moldóive, go bhfuil siad inniúil, go bhfuil saoráidí leormhaithe i bhfeidhm acu agus go bhfuil siad ag cuí-fheidhmiú. Tá na húdaráis sin freagrach as cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl plandaí farae agus as deimhniú síl plandaí farae freisin.

---

[3] Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i dtríú tíortha ar bharra táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl a tháirgtear i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17(1)/oj).

(4) Ar bhonn an scrúdaithe ar reachtaíocht Phoblacht na Moldóive agus ar an iniúchadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir leis na cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl plandaí farae, mar aon le sampláil, tástáil agus iar-rialú oifigiúil ar shíol plandaí farae i bPoblacht na Moldóive, go ndéantar ar bhealach iomchuí iad agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE agus le Treoir 66/401/CEE ón gComhairle[4].

(5) In 2022, chuir an Úcráin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le coibhéis a dheonú dá córas cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl biatais (*Beta vulgaris*), lus na gréine (*Helianthus annuus*) agus ráibe svaeid (*Brassica napus*) agus do shíol biatais, lus na gréine agus ráibe svaeid a tháirgtear agus a dheimhnítear san Úcráin.

(6) In 2023 chuir an Úcráin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le coibhéis a dheonú dá córas cigireachtaí allamuigh ar na barra táirgthe síl pónaire soighe (*Glycine max*), agus do shíol pónaire soighe a tháirgtear agus a dheimhnítear san Úcráin.

---

[4] Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2298/66, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1966/401/oj).

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar reachtaíocht ábhartha na hÚcráine. Rinne sé iniúchadh in 2015 freisin ar an gcóras rialuithe oifigiúla agus ar dheimhniú síl gránach san Úcráin agus d’fhoilsigh sé na torthaí i dtuarascáil. Tar éis dó doiciméadacht bhreise a fháil ón Úcráin, mheas an Coimisiún gur tugadh aghaidh ar bhealach sásúil ar na moltaí uile a rinneadh sa tuarascáil iniúchóireachta. Ar bhonn an iniúchta agus na doiciméadachta breise, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as an deimhniú síl a chur chun feidhme san Úcráin, go bhfuil siad inniúil, go bhfuil saoráidí leormhaithe i bhfeidhm acu agus go bhfuil siad ag cuí-fheidhmiú. Tá na húdaráis sin freagrach as na cigireachtaí allamuigh ar na barra táirgthe síl biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe, agus as deimhniú síl biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe freisin.

(8) Ar bhonn an scrúdaithe ar reachtaíocht na hÚcráine agus ar an iniúchadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir leis na cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl plandaí biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe, mar aon le sampláil, tástáil agus iar-rialú oifigiúil ar shíol biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe san Úcráin, go ndéantar ar bhealach iomchuí iad agus go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE agus Treoracha 2002/54/CE[5] agus 2002/57/CE[6] ón gComhairle.

(9) Ligeadh Poblacht na Moldóive, a mhéid a bhaineann le plandaí farae, isteach i Scéimeanna Síolta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le Deimhniú Cineáil nó Rialú ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta (‘Scéimeanna Síolta ECFE’).

---

5 Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/54/oj).

6 Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/57/oj).

(10) Ligeadh an Úcráin, a mhéid a bhaineann le biatas, lus na gréine, ráib svaeid agus pónaire shoighe, isteach i Scéimeanna Síolta ECFE.

(11) Tá saotharlanna síl ag Poblacht na Moldóive agus an Úcráin atá creidiúnaithe ag an gComhlachas Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta. Leis sin, soláthraítear dearbhú breise maidir le cáilíocht na gcigireachtaí agus an tsíl a tháirgtear sna tíortha sin agus maidir lena gcomhlíontacht le dlí an Aontais.

(12) Dá bhrí sin, is iomchuí coibhéis a dheonú a mhéid a bhaineann le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i ndáil le barra táirgthe síl plandaí farae i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le síol plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive agus atá deimhnithe go hoifigiúil ag a húdaráis.

(13) Is iomchuí freisin coibhéis a dheonú a mhéid a bhaineann le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i ndáil leis na barra táirgthe síl biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe san Úcráin agus a mhéid a bhaineann le síol biatais, lus na gréine, ráibe svaeid agus pónaire soighe a tháirgtear san Úcráin agus atá deimhnithe go hoifigiúil ag a húdaráis.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2003/17/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Chinneadh 2003/17/CE*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE, leasaítear an tábla mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'MD':

| | | |
|---|---|---|
| 'MD | National Agency for Food Safety (ANSA)<br>str. Mihail Kogălniceanu 63,<br>MD-2009, CHIŞINĂU | 66/401/CEE<br>66/402/CEE<br>2002/55/CE<br>2002/57/CE' |

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'UA':

| | | |
|---|---|---|
| 'UA | Ministry of Agrarian Policy and Food of Ukraine<br>Khreshchatyk str. 24, 01001 KYIV | 66/402/CEE<br>2002/54/CE<br>2002/57/CE – i leith *Brassica napus, Glycine max* agus *Helianthus annuus* amháin'. |